# AN FODHLÍ UM CHAOMHNÚ BRADÁN AGUS BREAC (Uimh. 2)

Uimh. 624, 1981

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 9 (arna leasú le halt 3 den Acht Iascaigh (Leasú), 1962 (Uimh. 31 de 1962)), le halt 126 agus le halt 127 (arna leasú le hailt 46 agus 50 den Acht Iascaigh, 1980 (Uimh. 1 de 1980)) den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 (Uimh. 14 de 1959) agus le mír 2 den Chúigiú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin, le halt 33 den Acht Iascaigh (Leasú), 1962, agus leis an Ordú Iascaigh (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 1977 (I.R. Uimh. 30 de 1977) (arna n-oiriúnú leis an Ordú Iascaigh (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 1978 (I.R. Uimh. 195 de 1978)), déanaimse, TOMÁS MAC GIOLLA PHÁDRAIG, Aire Iascaigh agus Foraoiseachta, leis seo an Fodhlí seo a leanas:–

1. An Fodhlí um Chaomhnú Bradán agus Breac (Uimh. 2) Uimh. 624, 1981 is teideal don Fodhlí seo.

2. Tiocfaidh an Fodhlí seo i ngníomh an 27ú lá d'Iúil, 1981.

3. (1) Faoi réir mhír (2) den Airteagal seo agus d'ainneoin aon ní atá in aon fhodhlí lena socraítear an séasúr coiscthe bliantúil do bhradáin agus bric in aon áit nó i bhfomhír (c) d'Airteagal 6 d'Fhodhlí na Gaillimhe, Chonamara agus Bhaile na Cille Uimh. 546, 1969, tosóidh an seasúr coiscthe bliantúil do bhradáin agus bric –

(i) ar 6 a chlog a.m. an 1ú lá de Lúnasa i ngach áit i ngach ceantar iascaigh a shonraítear i gCuid I den Sceideal a ghabhann leis an bhFodhlí seo,

(ii) ar 6 a chlog a.m. an 8ú lá de Lúnasa i gCeantar Iascaigh Uimh. 3 nó Ceantar Phort Láirge agus i gCeantar Uimh. 4 nó Ceantar Leasa Móire, agus

(iii) an 13ú lá de Lúnasa i ngach áit i ngach ceantar iascaigh a shonraítear i gCuid II den Sceideal a ghabhann leis an bhFodhlí seo.

agus críochnóidh sé i ngach áit, an dáta a sonraítear gurb é an dáta é a chríochnóidh an séasúr coiscthe bliantúil do bhradáin agus bric in aon fhodhlí lenar socraíodh an séasúr coiscthe bliantúil do bhradáin agus bric san áit sin agus a bhí i ngníomh díreach roimh thosach feidhme an Fhodhlí seo.



# DEPARTMENT OF FISHERIES AND FORESTRY

## FISHERIES ACTS, 1959 TO 1980

## SALMON AND TROUT CONSERVATION (No. 2) BYE-LAW No. 624, 1981

I, TOM FITZPATRICK, Minister for Fisheries and Forestry, in exercise of the powers conferred on me by section 9 (as amended by section 3 of the Fisheries (Amendment) Act, 1962 (No. 31 of 1962)), section 126 and section 127 (as amended by sections 46 and 50 of the Fisheries Act, 1980 (No. 1 of 1980)) of, and paragraph 2 of the Fifth Schedule to, the Fisheries (Consolidation) Act, 1959 (No. 14 of 1959), section 33 of the Fisheries (Amendment) Act, 1962, and the Fisheries (Transfer of Departmental Administration and Ministerial Functions) Order, 1977 (S.I. No. 30 of 1977) (as adapted by the Fisheries (Alteration of Name of Department and Title of Minister) Order, 1978 (S.I. No. 195 of 1978)), hereby make the following Bye-law:

1. This Bye-law may be cited as the Salmon and Trout Conservation (No. 2) Bye-law No. 624, 1981.

2. This Bye-law shall come into operation on the 27th day of July, 1981.

3. (1) Subject to paragraph (2) of this Article and notwithstanding anything contained in any Bye-law fixing the annual close season for salmon and trout in any locality or in subparagraph (c) of Article 6 of the Galway, Connemara and Ballinakill Districts Bye-law No. 546, 1969, the annual close season for salmon and trout in the year 1981 shall commence –

(i) at 6 o'clock a.m. on the 1st day of August in all localities of every fishery district specified in Part I of the Schedule to this Bye-law,

(ii) at 6 o'clock a.m. on the 8th day of August in the No. 3 or Waterford and the No. 4 or Lismore Fishery Districts, and

(iii) on the 13th day of August in all localities of every fishery district specified in Part II of the Schedule to this Bye-law,

and shall end, in any locality, on the date specified as the date on which the annual close season for salmon and trout shall end in any Bye-law which fixed the annual close season for salmon and trout in that locality and was in operation immediately before the commencement of this Bye-law.

---

The version of this Bye-law in the Irish language officially prepared is printed on the opposite page.

(2) Ní fhorléireofar mír (1) den Airteagal seo mar mhír a bhaineann le tosach feidhme an tséasúir choiscthe bhliantúil do bhradáin agus bric in áiteanna sna ceantair iascaigh seo a leanas: Ceantar Uimh. 7 nó Ceantar Chiarraí, Ceantar Uimh. 12 nó Ceantar Shligigh nó Ceantar Uimh. 14² nó Ceantar Leitir Ceanainn nó in Abhainn na Máighe i gCeantar Uimh. 8 nó Ceantar Luimnigh más rud é, díreach roimh thosach feidhme an Fhodhlí seo, gur thosaigh na séasúir choiscthe bliantúla sin ar dháta ar bith is luaithe ná an 19ú lá d'Iúil.

## AN SCEIDEAL

### CUID I

Ceantar Uimh. 5 nó Ceantar Chorcaí
Ceantar Uimh. 7 nó Ceantar Chiarraí
Ceantar Uimh. 8 nó Ceantar Luimnigh
Ceantar Uimh. 9¹ nó Ceantar na Gaillimhe
Ceantar Uimh. 9² nó Ceantar Chonamara
Ceantar Uimh. 10¹ nó Ceantar Bhaile na Cille
Ceantar Uimh. 10² nó Ceantar Beannchar Iorrais
Ceantar Uimh. 11 nó Ceantar Bhéal Átha an Fheadha
Ceantar Uimh. 12 nó Ceantar Shligigh
Ceantar Uimh. 13 nó Ceantar Bhéal Átha Sheanaidh
Ceantar Uimh. 14¹ nó Ceantar Leitir Ceanainn

### CUID II

Ceantar Uimh. 1 nó Ceantar Bhaile Átha Cliath
Ceantar Uimh. 2 nó Ceantar Loch Garman
Ceantar Uimh. 17¹ nó Ceantar Dhroichead Átha
Ceantar Uimh. 17² nó Ceantar Dhún Dealgan.

L.S.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil, an 27ú lá seo d'Iúil, 1981.

TOMÁS MAC GIOLLA PHÁDRAIG
Aire Iascaigh agus Foraoiseachta.



(2) Paragraph (1) of this Article shall not be construed as affecting the commencement of the annual close seasons for salmon and trout in localities of the No. 7 or Kerry, No. 12 or Sligo or No. 14² or Letterkenny Fisheries Districts or in the Maigue River in the No. 8 or Limerick Fishery District where immediately before the commencement of this Bye-law, those annual close seasons commenced on any date earlier than the 19th day of July.

## SCHEDULE

### PART I

No. 5 or Cork District
No. 7 or Kerry District
No. 8 or Limerick District
No. 9¹ or Galway District
No. 9² or Connemara District
No. 10¹ or Ballinakill District
No. 10² or Bangor District
No. 11 or Ballina District
No. 12 or Sligo District
No. 13 or Ballyshannon District
No. 14¹ or Letterkenny District.

### PART II

No. 1 or Dublin District
No. 2 or Wexford District
No. 17¹ or Drogheda District
No. 17² or Dundalk District.

L.S.

GIVEN under my Official Seal, this 27th day of July, 1981.

TOM FITZPATRICK,
Minister for Fisheries and Forestry.

## NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Fhodhlí an nóta seo agus ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil é).

Déantar leis an bhFodhlí seo dátaí tosach feidhme an tseasúir choiscthe bhliantúil do bhradáin agus bric in 1981 a chur siar go dtí:—

(a) 6 a chlog a.m. an 1 Lúnasa i Réigiúin Iascaigh an Iardheiscirt, na Sionainne, an Iarthair, An Iarthuaiscirt, agus an Tuaiscirt ach amháin sna limistéir sin ina dtosaíonn an séasúr coiscthe bliantúil aon dáta is luaithe ná 19 Iúil, agus

(b) 6 a chlog a.m. an 8 Lúnasa i Réigiúin Iascaigh an Deiscirt.

Ní dhéantar aon athrú ar dháta thosach feidhme (13 Lúnasa) an tséasúir choiscthe bhliantúil do bhradáin agus bric i Limistéar Iascaigh an Oirthir.

[15]



## EXPLANATORY NOTE

(This note is not part of the Bye-law and does not purport to be a legal interpretation).

This Bye-law defers the commencement dates in 1981 of the annual close season for salmon and trout to:—

(a) 6 a.m. on 1 August in the South Western, Shannon, Western, North Western and Northern Fisheries Regions except in those areas where the annual close season commences on any date earlier than 19 July, and

(b) 6 a.m. on 8 August in the Southern Fisheries Region.

No change is being made in the commencement date (13 August) of the annual close season for salmon and trout in the Eastern Fisheries Region.

[15]